

**Scéim Teanga 2015-2018**  
**Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**

# Ábhar

## Caibidil 1

### Intreoir agus Cúlra

- Intreoir agus Cúlra
- Modheolaíocht agus Taighde in úsáid
- Dáta Tosach Feidhme na Scéime
- Forléargas ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Custaiméirí agus Cliaint

## Caibidil 2

### Achoimre ar na Seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

- Intreoir
- Ainmneacha na Ranna – réimsí freagracht / seirbhísí

## Caibidil 3

### Seirbhísí / Gníomhaíochtaí Ginearálta atá á sholáthair ag an gComhairle

- Polasaí Ginearálta
- Modhanna Cumarsáide leis an bPobal
  - Cumarsáid Scríofa
  - An Suíomh Gréasáin
  - Na Meáin
  - Cumarsáid Bhéil

## Caibidil 4

### Seirbhísí a Fheabhsú a Thuilleadh

- Intreoir
  - Liosta oifigiúil Shráidainmneacha Bhaile Átha Cliath
  - Bileog eolais - frásaí coitianta
  - Comhfhreagras ríomhphoist
  - Feabhsú an tsuímh gréasáin
  - Feabhsú na gcóras idirghníomhach
  - Tairiscint réamhghníomhach seirbhísí Gaeilge
  - Oibleagáidí maidir le seirbhísí Gaeilge a chur chun cinn / aird a tharraingt orthu
  - Earcaíocht agus soghluaisteacht / próiseas socrúcháin
- Oiliúint & Forbairt


## Caibidil 5

### Monatóireacht, Athbhreithniú agus Foilsiú na Scéime

- Monatóireacht & Athbhreithniú
- Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú

# Struchtúr Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

2



## Caibidil 1 Intreoir agus Cúlra

### 1.1 Intreoir agus Cúlra

Is í seo an dara scéim de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a ullmhaíodh faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá foráil ann maidir le comhlacht poiblí scéim reachtúil a ullmhú ina sonrú na seirbhísí a bheartóidh sé a sholáthar:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon.

Tá na bearta leagtha amach sa scéim seo a chuirfear i gcrích maidir le cén seirbhísí a sholáthrófar trí mheán na Gaeilge laistigh de chlár ama pleanáilte.

### 1.2 Modheolaíocht agus Taighde in Úsáid

Maidir leis an Scéim seo a ullmhú:

- i. D'iarr Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aighneachtaí ar an bpobal i leith dréachtscéim a ullmhú
- ii. Thug sí faoi athbhreithniú inmheánach ar chéad Scéim na Comhairle
- iii. Chuaigh sí i gcomhairle le Bainisteoirí Feidhmiúcháin agus le hIonadaithe Oilíúna Acmhainní Daonna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- iv. Chuaigh sí i gcomhairle le Grúpa Beartais agus Coistí Beartais Straitéisigh Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta & Gnóthaí Óige.

Fuair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aighneacht amháin ón bpobal le linn an beart comhairliúcháin a bheith ar siúl.

Is iad an tAonad Forbartha Gaeilge agus Bainisteoirí Sinsearacha sa Roinn Seirbhísí Corparáideacha a dhreachtáigh an Scéim seo. Tógann an scéim seo ar scéim dheiridh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath darbh ainm 'Scéim 2006-2009'. Faoi fhorálacha an Achta, fanann an chéad scéim i bhfeidhm go dtí go ndaingníonn an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta an scéim úr faoi Alt 11, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Is iad bainisteoirí sinsearacha de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheidh freagrach as an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh uirthi agus í a athbhreithniú. Tógann an scéim ar an scéim a bhí ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath roimhe seo dar teideal "Scéim 2006-2009". Faoi fhorálacha an Achta, tá an chéad scéim i bhfeidhm go dtí go gceadaíonn an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta an scéim nua faoi Alt 11, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is iad bainisteoirí sinsearacha de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheidh freagrach as an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh uirthi agus í a athbhreithniú. Beidh bainisteoirí líne agus an lucht bainistíochta áitiúil i ranna éagsúla na Comhairle Cathrach freagrach as comhlíonadh na Scéime seo.

### 1.3 Dáta Tosach Feidhme na Scéime

Cheadaigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an scéim seo. Beidh tosach feidhme leis an scéim seo le héifeacht ó **02 Samhain 2015** agus beidh sí i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana ón

dáta seo nó go dtí go gceadóidh an tAire scéim nua de bhun Mhír 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla cibé acu is déanaí.

### **1.4 Forléargas ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**

Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gach dícheall a ról ceannaireachta a imirt agus a sainúdarás daonlathach a chomhlíonadh ina bhfuil aird ar leith aici ar na croíphrionsabail atá mar bhonn ag gach breithniú agus cinneadh a dhéanann an Chomhairle maidir le seachadadh a seirbhísí. Is iad na luachanna seo a fhónfaidh mar phrionsabail stiúrtha dúinn :

- Ceannaireacht
- Fáilteachas agus Cuimsitheacht
- Forás
- Meas
- Ionracas
- Freagracht

Ár misean:

Soláthroidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath seirbhísí ardchaighdeáin dá muintir agus dá cuairteoirí agus gníomhóidh sí chun an fhéiniúlacht ar leith atá ag Baile Átha Cliath a chosaint agus a chur chun cinn ar bhealach a thabharfaidh aitheantas don am atá caite agus a chinnteoidh go dtiocfaimid slán san am atá romhainn.

Is ilchineálach na seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath atá le rangú faoi theidil éagsúla ach is fearr achoimre a dhéanamh orthu de réir theidil na seacht gCoiste um Beartais Straitéiseacha seo:

- Na hEalaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Pobail
- Fiontair agus Forbairt Eacnamaíochta
- Comhshaol
- Airgeadais & Seirbhísí Móréigeandála
- Tithíocht
- Pleanáil agus Gnóthaí Idirnáisiúnta
- Iompar

Táthar tar éis Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2015-2019 a ullmhú i gcomhlíonadh an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 agus an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Cuireadh an Plean Corparáideach i dtoll a chéile i gcomhar le muintir Bhaile Átha Cliath agus is do mhuintir Bhaile Átha Cliath é.

### **1.5 Custaiméirí agus Cliaint**

Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Áitiúil is mó in Éirinn. Tá achar 11,761 heicteár fúithi agus is 527,612 duine an líon daoine a chónaíonn inti (Daonáireamh 2011).

Tá sí ar cheann de na ceithre údarás áitiúla atá i Réigiún Bhaile Átha Cliath arb 1.273 milliún duine a dhaonra iomlán agus arb ionann sin agus 28% de dhaonra na tíre. Is í príomhchathair riaracháin agus polaitíochta na hÉireann í agus is inti atá rialtas na tíre agus uachtarán an stáit lonnaithe. 63 chomhalta thofa atá ar an gComhairle seo ar thosaigh a téarma oifige i Meitheamh 2013. Soláthraíonn an 5,800 ball foirne atá ag an gComhairle Cathrach réimse leathan agus éagsúil seirbhísí do mhuintir Chathair Bhaile Átha Cliath, do ghnóthais agus do na daoine a thagann ar cuairt ar an gcathair.

Tugtar faoi ghníomhaíochtaí i réimse oibreacha an bhonneagair fhisicigh amhail tithíocht agus bonneagar bóithre a sholáthar agus a chothabháil agus freisin sna réimsí a bhaineann leis na healaíona, spórt, áineas, imeachtaí, fóillíocht, turasóireacht agus seirbhísí sóisialta lena n-áirítear leabharlanna, saoráidí spóirt, páirceanna, forbairt pobail agus seirbhísí leasa tithíochta. Soláthraíonn an Chomhairle Cathrach seirbhísí dóiteáin, práinnfhreagartha agus sábháilteachta don réigiún trí bhíthin Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus tá ról rialaithe agus forfheidhmithe aici atá tábhachtach i ndáil le cúrsaí pleanála, rialaithe tógála agus comhshaoil. An bhliain seo caite, chuir an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 athruithe eile ar an ról a bheidh ag na húdaráis áitiúla lena n-áirítear Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in earnáil na forbartha geilleagraí.

## **Caibidil 2**

### **Achoimre ar na Seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**

#### **2.1 Intreoir**

Tá achoimre sa Chaibidil seo ar na gníomhaíochtaí agus ar an tseirbhís is mó a chuireann na rannóga agus na haonaid éagsúla de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fáil.

#### **2.2 Ainmneacha na Ranna – réimí freagrachta / seirbhísí**

##### **Roinn an Phríomhfheidhmeannaigh**

Tá freagracht fhoriomlán ar an bPríomhfheidhmeannach as gach feidhm de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear cinní na Comhairle Cathrach a chur i bhfeidhm.

**Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh**  
**Oifig Chlárú na dToghthóirí**  
**An tArdmhéara agus Teach an Ardmhéara**

##### **Roinn Seirbhísí Corparáideacha**

Cuireann an Roinn Seirbhísí Corparáideacha réimse seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear iad seo a leanas:

**An tAonad Forbartha Gaeilge**  
 Tá an t-aonad seo freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath  
**Seirbhísí Custaiméirí**  
 Cuimsíonn an tIonad Seirbhísí Custaiméirí Ionad Glaonna agus Ionad Ilfhreastail.  
**Bainistíocht Áiseanna**  
**An Rannóg um Bainistíocht Faisnéise**  
**Caidreamh leis na Meáin & Cumarsáid Chorparáideach**  
**Na Meáin Shóisialta agus Bainistíocht Caidrimh Custaiméara**  
**Bainistíocht ar Ionad na Cé Adhmaid**

##### **An Roinn Cultúir, Áineasa, Conláistí agus Pobail**

Cuireann an roinn seo réimse leathan seirbhísí comhshaoil, cultúrtha, áineasa agus pobail ar fáil.

**Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha**  
**An Rannóg Spóirt / Seirbhísí Spóirt agus Fóillíochta**  
**An Oifig Ealaíon**  
**Caidreamh Idirnáisiúnta**  
**An Hugh Lane, Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath**  
**An tAonad Imeachtaí & Turasoireachta**  
**An Rannóg Ceadúnúcháin**  
**Halla na Cathrach**  
**An Rannóg um Rialú Madraí & Capall, Corrthrádail**  
**Forbairt Pobail lena n-áirítear oiliúint agus rannpháirtíocht na gcónaitheoirí**  
**An tAonad Seirbhísí do Pháistí**  
**An Oifig Pobail agus Forbairt Sóisialta**  
**Béilí Scoile agus Béilí Cócaráilte**  
**An tAonad um Chuimsiú Sóisialta & Cathair Aoisbhá**  
**An Oifig d'Imeachadh**  
**Dublin.ie**

Líonra Rannpháirtíochta an Phobail  
Coistí Forbartha Áitiúla Pobail  
Ceathrú Chultúrtha Chearnóg Parnell  
Taisce Chultúrtha Bharra an Teampaill

### Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath

Seirbhísí Taighde  
Baillúcháin Bhaile Átha Cliath & na hÉireann  
Cartlanna Chathair Bhaile Átha Cliath  
An Lárionad um Fhaisnéis Gnó  
An tSeirbhís Leabharlainne do Pháistí & Scoileanna  
An Músaem Cathartha  
Scéimeanna Béilí Scoile agus Béilí Cócaráilte  
An Leabharlann Taistil  
An Leabharlann Ceoil  
An tIonad Foghlama Oscailte  
IMPAC Idirnáisiúnta: Duais Liteartha Bhaile Átha Cliath

### An Roinn Airgeadais

Pléann an Roinn Airgeadais le maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach oibríochtaí na Comhairle Cathrach, idir ioncam agus chaipiteal.

#### Rúnaíocht Airgeadais

An tAonad Cuntasaíochta Airgeadais  
Tuarascálacha Bliantúla  
Táillí Bainistíochta Láir  
Riarachán Airgeadais  
Mórleabhar Ginearálta  
Aonad Tacaíochta Láir Oracle  
Cistíocht  
An tAonad Cuntasaíochta Bainistíochta  
An tAonad Iniúchta Inmheánaigh  
An tAonad Soláthair & Bainistíochta Stóras  
Párolla  
Pá  
Tuarastail  
Pinsín  
An Oifig Rátaí  
Mótarcháin  
Oifigí Mótarchánach:  
Siúlán Blackhall, Sráid na Banríona, Baile Átha Cliath 7  
An tIonad Cathartha, An tSráid Mhór, Baile Munna, Baile Átha Cliath 9  
**An Chúirt Chróinéara & Marbhlan na Cathrach**

### Seirbhísí Tithíochta Agus Cónaithe

Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an t-údarás tithíochta is mó sa tír. Tá an Roinn seo freagrach as bainistiú agus as cothabháil thart ar 27,000 teagmhas ar cíos mar aon le stoc nua breise a aimsiú gach bliain. Is iad príomhghníomhaíochtaí na Seirbhísí Tithíochta agus Cónaithe:

**Rannán Ailtire na Cathrach**



**Rannóg na bhFoirgneamh Contúirteach**  
**Feidhmeannacht um Dhaoine gan Dídean Réigiún Bhaile Átha Cliath**  
**An tAonad Sláinte Chomhshaoil**  
**An Rannóg Deontais Tí**  
**Rannóg na Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean**  
**Leithdháiltí agus Aistrithe Tithíochta**  
**Forbairt Tithíochta & Athghiniúint**  
**Aonad Teicneolaíocht Faisnéise na Tithíochta**  
**Cothabháil Tithíochta agus Bainistíocht Eastáit**  
**An Rannóg Seirbhísí um Bainistíocht Tithíochta**  
**An Rannóg Leas Tithíochta**  
**Riaráistí agus Cuntais Iasachta, Comhúinéireacht, Iasachtaí Blianachta**  
**An Rannóg Iasachtaí, Díolachán agus Toilithe**  
**Cuntais Morgáiste**  
**An tAonad Tacaíochta Morgáiste**  
**An tAonad Cíosa Phríobháidigh**  
**Rannán na Suirbhéirí Cainníochta**  
**Measúnaithe Cíosa agus Cuntais**  
**An Scéim Cóiríochta ar Cíos (SCC)**  
**An Rannóg Cíosanna agus Ceannaigh ag Tionóntaí**  
**An tAonad um Innealtóireacht Foirgníochta**  
**An tAonad Cóiríochta don Lucht Siúil**  
**Comharthithíocht agus Tithíocht Dheonach agus Léasú Fadtéarmach**

### **An Roinn Acmhainní Daonna**

Is iad príomhghníomhaíochtaí na Roinne Acmhainní Daonna:

**Sláinte & Sábháilteacht Chorporáideach**  
**Caidreamh Fostaithe**  
**Cothromas agus Éagsúlacht**  
**An tAonad Feidhmíochta agus Forbartha**  
**An tAonad Acmhainne**  
**Seirbhísí Tacaíochta Foirne**  
**An tAonad Aoisliúntais / Pinsean**  
**Comhpháirtíocht san Ionad Oibre**

### **An Roinn Um Chórais Faisnéise**

Soláthraíonn an roinn seo Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus cuireann sí na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

**Bainistíocht Feidhmchlár**  
**An tAonad Éirim Ghnó**  
**Ríomhaireacht Úsáideoir Deiridh**  
**Straitéis agus Bainistíocht Cláir**  
**Bainistíocht Seirbhíse**  
**Seirbhísí Teicniúla agus Tacaíocht Seirbhíse**

### **An Roinn Dlí**

Tá sé de dhualgas ar an nGníomhaire Dlí comhairle a chur ar an bPríomhfheidhmeannach maidir le dualgais agus le cumhachtaí reachtúla na Comhairle Cathrach. Caithfidh an Gníomhaire Dlí a bheith ar an eolas faoin reachtaíocht nua ar fad agus tuairisciú don Phríomhfheidhmeannach faoin gcaoi a dtéann sí i bhfeidhm ar chumhachtaí agus ar dhualgais reatha na Comhairle Cathrach.

**Ceannach agus Diúscairt Maoine  
Léasú agus Tionóntachtaí  
An Rannóg Dlíthíochta  
An Lárionad Éileamh**

### **An Roinn Pleanála, Maoine, Fiontraíochta & Forbairt Eacnamaíochta**

Tá an roinn seo freagrach as forbairt ordúil na cathrach inar féidir le daoine cónaí, oibriú agus pobail a chruthú. Is iad príomhghníomhaíochtaí na roinne:

**Rialú Tógála  
Oifig Luachálaí na Cathrach  
Seandálaíocht, Caomhantas & Oidhreacht  
Láithreáin Tréigthe  
Riarachán Forbartha / Coiste Beartais Straitéisigh  
Ranníocaíochtaí Forbartha  
Bainistíocht Forbartha  
An tAonad Forbartha Eacnamaíochta  
Margadh Torthaí agus Glasraí  
An Oifig Fiontair Áitiúil agus Forbairt Eacnamaíochta  
Riarachán Pleanála  
Forfheidhmiú Pleanála  
Aonad Teicneolaíocht Faisnéise na Pleanála  
An Rannóg Fáil Maoine  
An Rannóg Diúscairtí Maoine  
Bainistíocht Maoine  
Clárú Maoine  
Fearann Poiblí  
An Rannóg Clárlainne agus Cinntí**

### **An Roinn Comhshaoil Agus Iompair**

Tá an Roinn Comhshaoil agus Iompair freagrach as soláthar réimse leathan seirbhísí riachtanacha sa Chathair. Forbraíonn, cothaíonn agus bainistíonn sí gréasán bóithre na Cathrach ar mhaithe le coisithe, rothaithe, tiománaithe agus feithiclí seirbhísí poiblí agus tráchtála. Oibríonn sí trí na Rannáin/Rannóga seo a leanas:

**Dearadh & Tógáil Bóithre  
Seirbhísí um Chothabháil Bóithre  
Sláinte, Oideachas agus Oiliúint Bóithre  
Pleanáil Bóithre & Tráchtála  
Rialú Oibreacha Bóithre  
An Rannóg Bainistíochta Sócmhainne Tráchtála  
An tIonad Rialaithe Tráchtála  
Bainistíocht agus Rialú Tráchtála  
An tAonad um Fhothram Tráchtála agus Cáilíocht Aeir  
Córais Chliste Iompair  
Oifig Idirchaidrimh LUAS Trasna na Cathrach  
Polasaí Páirceála agus Forfheidhmiúchán  
Seirbhísí Leictreacha agus Soilsithe Phoiblí  
Seirbhísí um Bainistíocht Dramhaíola  
An Oifig Náisiúnta Seoltaí Trasteorann  
Sláinte Chomhshaoil (Fiosrúcháin ar Thruailliú Aeir & Torainn)**

Oibríonn an Chomhairle na feidhmeanna seo a leanas ar bhonn gníomhaireachta d'Uisce Éireann

**Seirbhísí Uisce, Bainistíocht Sócmhainne agus Seachadadh Caipitil (& Tionscadail Uisce a Bhainistiú le haghaidh Uisce Éireann)  
An tSaotharlann Lárnach  
An Rannán Draenála**

**Bainistíocht Ceantar**

Tá Cathair Bhaile Átha Cliath roinnte ina cúig cheantar riaracháin atá freagrach as comhordú agus as seachadadh seirbhísí sa phobal. Tá cuntar / deasc fáilte phoiblí ag na hoifigí seo a leanas chun teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bpobal:

**An Lárcheantar**

- **Oifig an Lárcheantair,**  
51-53 Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada Íochtarach, Baile Átha Cliath 1
- **Oifig Ceantar na Cabraí**  
97 Bóthar Nua na Cabraí, Baile Átha Cliath 7

**Ceantar An Lárthuaiscirt**

- **Oifig Cheantar Bhun Raite / Oifig Cheantar na Cúlóige,**  
Ionad Cathartha an Taoibh Thuaidh, Bóthair Bhun Raite, An Chúlóig, Baile Átha Cliath 17  
Oifig Cheantar Dharndál, Bell Building, Darndál / Ionad Shráidbhaile Belcamp, Baile Átha Cliath 17

**Ceantar An Iarthuaiscirt**

- Oifig Cheantar Bhaile Formaid,  
Ionad Cathartha Bhaile Munna, An tSráid Mhór, Baile Munna, Baile Átha Cliath 9
- Oifig Cheantar Fhionnghlaise,  
Ionad Cathartha Fhionnghlaise, Bóthar Uí Mhaoilíosa, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11

**Ceantar An Lárdheiscirt**

- **Oifig Cheantar an Lárdheiscirt,**  
Urlár 1, Teach Eblana, Lána Mhuire Mhaith, Baile Átha Cliath 8
- Oifig Cheantar Bhaile Formaid,  
Ionad Cathartha Bhaile Formaid, Baile Átha Cliath 10
- Oifig Cheantar Chromghlinne,  
13 Sráidbhaile Chromghlinne, Cromghlinne, Baile Átha Cliath 12

**Ceantar An Oirdheiscirt**

- Oifig Cheantar an Oirdheiscirt,  
Bloc 2, Urlár 4, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8

## **Caibidil 3**

### **Seirbhísí / Gníomhaíochtaí Ginearálta atá á sholáthair ag an gComhairle**

#### **3.1 Polasaí Ginearálta**

Tá an dara Scéim Teanga seo bunaithe ar na tiomantais ar fad sa chéad Scéim a bheith curtha i bhfeidhm. Is é cuspóir an dara Scéim leanúint le seachadadh na dtiomantas sin agus tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh sa Chomhairle thar shaolré na Scéime deiridh. Leagtar amach ann tiomantas na Comhairle maidir le seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge faoi láthair agus saináithnítear ann réimsí atá le feabhsú sa todhchaí.

Tógann an Scéim nua seo freisin ar phrionsabail na Scothseirbhíse Custaiméirí agus dá réir leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cinntiú go bhfreastalaítear ar dhaoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge.

#### **3.2 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal**

Bíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i mbun cumarsáide leis an bpobal ar cheithre bhealach dhifriúla:

- **Cumarsáid scríofa**
- **An suíomh idirlín**
- **Na meáin**
- **Cumarsáid bhéil**

##### **3.2.1 Cumarsáid Scríofa**

Déantar cumarsáid scríofa mar seo a leanas:

- a. Foirmeacha Iarratais
- b. Bileoga agus Bróisiúir Eolais Phoiblí
- c. Cuirí
- d. Foilseacháin
- e. Ábhar clóite eile
- f. Litreacha / Cora poist
- g. Rphoist
- h. Na meáin shóisialta

Cuirtear foirmeacha iarratais agus na bileoga eolais a théann leo, bileoga eolais don phobal agus bróisiúir agus cuirí a tháirgeann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fáil go dátheangach trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla i gclúdach amháin i ngach roinn. Leanfar leis an ngnás sin. Cuirtear leaganacha níos mionsonraithe agus níos mó de na míreanna thuasluaite ar fáil i leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leith, agus leanfar leis an ngnás sin freisin.

Táirgtear Foilseacháin, Cáipéisí Beartais, Ráitis Straitéise, etc., a chuimsítear in Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i nGaeilge agus i mBéarla de réir Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Táirgtear litreacha agus cora poist a chuimsítear in Alt 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i nGaeilge agus i mBéarla de réir Alt 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Cinntoidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go bhfuil aon bhogearraí ríomhaire a cheannófar lánchumasach an Ghaeilge a láimhseáil, is é sin le rá gur féidir le haon bhogearraí den chineál sin déileáil le hainmneacha agus le seoltaí Gaeilge a chuirfear isteach i nGaeilge.

Cuirfear córais láithreacha in oiriúint leis an nGaeilge le linn an scéim seo a bheith i bhfeidhm nuair is féidir sin (sa mhéad is go bhfuil sé ar ár gcumas sin a dhéanamh).

### **3.2.2 Cumarsáid Ghréasán:**

Is féidir teacht ar shuíomh gréasáin oifigiúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar [www.baileathacliath.ie](http://www.baileathacliath.ie) nó ar [www.dublincity.ie](http://www.dublincity.ie). Tá eolas cuimsitheach ar an suíomh idirlín faoi na seirbhísí ar fad a sheachadann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear seirbhísí reachtúla (Tithíocht, Bóithre agus Trácht, Uisce agus Draenáil), seirbhísí pobail éagsúla eile, agus eolas atá spéisiúil ó thaobh an phobail agus an chultúir de.

Foilsítear foirmeacha iarratais agus na bileoga eolais a théann leo, bileoga eolais don phobal, bróisiúir, preaseisiúintí agus cáipéisí eile a tháirgeann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go dátheangach trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla ar an suíomh idirlín. Cuirtear cáipéisí áirithe níos mionsonraithe agus níos mó ar fáil i leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leith.

### **Córais idirghníomhacha ar líne**

#### ***Íocaíochtaí ar líne***

Is féidir leis an bpobal íoc as na seirbhísí seo a leanas ar líne ar chóras slán íocaíochta Idirlín Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhíonn ar fáil 24 uair in aghaidh an lae:

Íasachtaí Tithíochta  
Fíneálacha Bruscair  
Cíos Tithíochta  
Ceannach Tionónta

Cuirtear na seirbhísí thuas ar fad ar fáil go dátheangach.

Tá Seirbhísí ar Líne eile ar fáil trí Thairseach Féinfhrestail na Comhairle Cathrach mar seo a leanas:

#### ***Cuir isteach air...***

Ceadanna HGV  
Muirear Teaghlaigh  
Bí i do bhall den Leabharlann  
Mótarcháin ar líne  
NPPR  
Iarratais Pleanála  
Iarratas ar Fhoirm Iarratais

Seirbhís i nGaeilge agus i mBéarla  
Seirbhís i nGaeilge agus i mBéarla  
Seirbhís i mBéarla amháin  
Seirbhís i nGaeilge agus i mBéarla  
Seirbhís i nGaeilge agus i mBéarla  
Seirbhís i mBéarla amháin  
Tá gach foirm ar fáil i nGaeilge

#### ***Aimsigh é***

Seirbhís i mBéarla amháin

**Íoc as** Seirbhís i nGaeilge agus i mBéarla

**Tuairiscigh é** Seirbhís i mBéarla amháin

**Seirbhísí ar líne eile**

Leabharlann ar líne	Seirbhís i mBéarla amháin
Iarratas ar Chuairt Toscaireachta Idirnáisiúnta	Seirbhís i mBéarla amháin
Clárú Vótálaithe	Seirbhís i nGaeilge agus i mBéarla
'Your Dublin Your Voice'	Seirbhís i mBéarla amháin

**Córais ríomhaire gréasáin**

Cinntoidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go bhfuil aon bhogearraí ríomhaire a cheannófar lánchumasach an Ghaeilge a láimhseáil, is é sin le rá gur féidir le haon bhogearraí den chineál sin déileáil le hainmneacha agus le seoltaí Gaeilge a chuirfear isteach i nGaeilge.

Cuirfear córais láithreacha in oiriúint le linn an scéim seo a bheith i bhfeidhm nuair is féidir sin (sa mhéid is go bhfuil sé ar ár gcumas sin a dhéanamh).

**3.2.3 Cumarsáid ar na Meán**

Pléann an tAonad Caidreamh Meán & Cumarsáide Corparáidí leis na meán. Tá an oifig seo freagrach as preaseisiúintí a chur ar aghaidh / a eisiúint agus as urlabhraithe a eagrú do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Eisíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath thart ar 250 preaseisiúint in aghaidh na bliana. Cuirtear 25% de Phreasráitis amach i nGaeilge agus i mBéarla nó go dátheangach in aon fhoilseachán amháin agus scaipfear iad chuig na meán Ghaeilge agus Bhéarla go comhuaineach le linn an Scéim a bheith i bhfeidhm.

Cuirfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath urlabhraithe ar fáil le hagallaimh a dhéanamh leis na meán Ghaeilge nuair is cuí sin.

**3.2.4 Cumarsáid Bhéil**

Is minic a bhíonn Aonad Seirbhísí Custaiméirí agus Oifigí Mótarchánach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar aon le Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath ag plé leis an bpobal ar bhonn duine le duine.

cuirfear cleachtas Scothsheirbhíse Caighdeánta Custaiméirí (QCS) i gcrích sna réimsí seo a leanas:

- Beidh fáilteoirí/teileafónaithe in ann ainm an Údaráis Áitiúil a thabhairt i nGaeilge,,
- Beidh 50% den fhoireann fáilte riaracháin/ den fhoireann ionad glaonna eolach ar bheannachtaí simplí Gaeilge
- agus beidh socruithe oiriúnacha i bhfeidhm le go mbeidh siad in ann baill an phobail a chur i dteagmháil gan mhoill leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís Ghaeilge a chur ar fáil de réir mar atá sin féin ar fáil.

Cuirtear cúnamh, tacaíocht agus oiliúint leanúnach ar fáil don fhoireann sna réimsí sin chun a chinntiú gur féidir seirbhísí Gaeilge ó bhéal a chur ar fáil don phobal nuair is gá.

Nuashonraíonn agus bainistíonn an tAonad Forbartha Gaeilge liosta cainteoirí Gaeilge atá sásta dul i mbun gnó leis an bpobal i nGaeilge agus cuirtear an liosta ar fáil don fhoireann ar fad i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

**An tIonad Seirbhísí Custaiméirí**

Tá **Ionad Teagmhála** ag an Ionad Seirbhísí Custaiméirí do chustaiméirí a théann go dtí na hOifigí Cathartha agus **Ionad Glaonna** chun plé le teagmháil ar an bhfón le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Is é ról an Ionaid Seirbhísí Custaiméirí suíomh amháin a chur ar fáil inar féidir le custaiméirí dul i mbun gnó leis an gComhairle Cathrach. Pléann baill foirne ar cuireadh sainoiliúint orthu le formhór ghnó na Comhairle gan aon ghá an custaiméir a chur ar aghaidh go Roinn faoi leith.

Pléann an tIonad Seirbhísí Custaiméirí le leathmhiliún ceist ar an meán in aghaidh na bliana.

### **An Oifig Mótarchánach**

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freagrach as cúrsaí mótarchánach do chustaiméirí a chónaíonn i gcontae iomlán Bhaile Átha Cliath. Pléann an Oifig Mótarchánach le 53,066 ceist in aghaidh na míosa ar an meán (bunaithe ar fhigiúirí 2012).

### **Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath**

Cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath líonra 21 leabharlann bhrainte, roinnt seirbhísí saineolais agus seirbhís leabharlann taistil ar fáil chun freastal ar sheirbhísí eolais shaoránaigh Bhaile Átha Cliath. Riartar an líonra leabharlann ó cheanncheathrú na leabharlann.

*“Tá sí ar cheann de sheirbhísí agus institiúidí cultúrtha lárnacha na Comhairle Cathrach, agus ar cheann de na seirbhísí is cuimsithí freisin a mheallann os cionn 3 mhiliún cuairteoir in aghaidh na bliana.”*  
*Plean Forbartha 2012-2016*

Cuirtear cúnaimh, tacaíocht agus oiliúint leanúnach ar fáil don fhoireann sna réimsí sin chun a chinntiú gur féidir seirbhísí Gaeilge ó bhéal a chur ar fáil don phobal nuair is gá.

## Caibidil 4 Seirbhísí a Fheabhsú a Thuilleadh

### 4.1 *Intreoir*

I dteannta na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal trí mheán na Gaeilge, déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, thar shaolré an dara Scéim Teanga 2015-2018, tuilleadh feabhsaithe ar a seirbhísí. Díreofar na seirbhísí feabhsaithe sin ar ghnéithe sóisialta agus cultúrtha an tsaoil i gCathair Bhaile Átha Cliath.

#### 4.1.1 *Liosta oifigiúil Shráidainmneacha Bhaile Átha Cliath*

Foilseoidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leagan nua de ‘Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath’, liosta oifigiúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de shráidainmneacha chathair Bhaile Átha Cliath i nGaeilge agus i mBéarla – le heolas breise ar nós ainmneacha oifigiúla na bpáirceanna poiblí, spásanna oscailte, gnéithe geografacha agus droichead.

#### 4.1.2 *Bileog eolais - frásaí coitianta*

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag spreagadh na foirne (go neamhfhoirmiúil) chun an Ghaeilge a úsáid sa timpeallacht oibre agus taobh amuigh den obair. Foilseofar bileog phóca “Cúpla Focal” le frásaí agus focail choitianta i nGaeilge agus cuirfear ar fáil don fhoireann í.

#### 4.1.3 *Comhfhreagras ríomhphoist*

Sa chás go n-úsáideann comhad sínithe clófar ainm agus seoladh Ranna agus Rannóga Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i nGaeilge agus i mBéarla.

#### 4.1.4 *Feabhsú an tsuímh gréasáin*

Cuirfear réimse tiomnaithe d’úsáideoirí na Gaeilge ar taispeáint go soiléir ar leathanach baile shuíomh idirlín Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath *agus beidh rochtain dhíreach air tríd an seoladh suíomh idirlín [www.baileathacliath.ie](http://www.baileathacliath.ie)*. Gheobhaidh na húsáideoirí rochtain ar Sheirbhísí Gaeilge trí na naisc chuig an gcóras íocaíochta dátheangach ar líne ón suíomh tiomnaithe seo. Beidh eolas ginearálta agus statach ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ar a seirbhísí ar fáil anseo i nGaeilge. Bainfear sin amach laistigh de shaolré na scéime seo.

#### 4.1.5 *Feabhsú na gcóras idirghníomhach*

Cuirfear dhá sheirbhís eile le córas slán íocaíochta Idirlín Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhíonn ar fáil 24 uair in aghaidh an lae laistigh de shaolré na scéime. Áireofar leo sin seirbhísí íocaíochta ar líne chun Ceadanna Páirceála agus Ceadúnais Madraí a Athnuachan agus cuirfear ar fáil iad go dátheangach.

#### 4.1.6 *Tairiscint réamhghníomhach seirbhísí Gaeilge*

Leanfaidh an chomhairle ar aghaidh ag glacadh cur chuige réamhghníomhach i leith chur chun cinn na Gaeilge ar fud na heagraíochta agus tapóidh sí gach deis ina hidirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí chun na seirbhísí a chuireann sí ar fáil trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú. Cuirfidh í custaiméirí ar an eolas faoin rogha atá acu plé leis an gComhairle trí mheán na Gaeilge.

Bainfear sin amach trí fhógraí a thaispeáint i limistéir fáiltithe a chuirfidh na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil in iúl agus trína liostú go soiléir ar shuíomh idirlín na Comhairle.



#### **4.1.7 Oibleagáidí maidir le seirbhísí Gaeilge a chur chun cinn / aird a tharraingt orthu**

Cuirfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar gach leibhéal de chruinnithe cainte foirne chun a chinntiú go gcuirtear na hoibleagáidí i gcuimhne don fhoireann go leanúnach agus go rialta.

#### **4.1.8 Earcaíocht agus soghluaisteacht / próiseas socrúcháin**

Déanfaidh an Roinn Acmhainní Daonna i gcomhar leis an Roinn Seirbhísí Corparáideacha iniúchadh ar shaincheist na Gaeilge agus ar ár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ag féachaint leis an leibhéal foirne atá in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge a mhéadú.

### **4.2 Oiliúint & Forbairt**

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tiomanta do chumas na foirne uile a fhorbairt. Tá na bearta luaite sna cuspóirí agus sna straitéisí de chuid Phlean Corparáideach 2015 – 2018 a chaithfear a dhéanamh lena chinntiú go leanfaidh méid na seirbhísí custaiméirí de bheith ag fás. *Mar a luaitear sa Phlean Corparáideach,*

*“Ó tharla ceangail láidre ó thaobh teanga agus staire de a bheith ag an gcathair leis an nGaeilge déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a dícheall an leibhéal is airde de sheirbhísí i nGaeilge a sholáthar dár gcustaiméirí. Cuirimid fáilte roimh Ghaeilge i gcónaí. Leanfaimid orainn de thacaíocht a thabhairt i dtaobh úsáid agus chur chun cinn na Gaeilge agus de sheirbhísí Gaeilge a fheabhsú.”*

Tá an Chomhairle Cathrach tiomanta d’eolas agus do scileanna na bhfostaithe a fheabhsú agus chun sochair na heagraíochta. Maidir leis an nGaeilge, spreagtar an fhoireann lena scileanna Gaeilge a fheabhsú trí chúrsaí oiliúna agus forbartha agus áirítear leis feasacht ar an nGaeilge mar chuid de na cúrsaí Ionduchtaithe agus Oiliúna Seirbhísí Custaiméirí.

Déanfaidh an tAonad Forbartha Gaeilge iniúchadh ar na deiseanna éagsúla oiliúna agus forbartha atá ar fáil ag féachaint le hinniúlachtaí fhoireann na Comhairle in úsáid na Gaeilge a mhéadú.

Tacaíonn an Roinn Seirbhísí Corparáideacha le soláthar na seirbhísí Gaeilge mar seo a leanas:

- Oibríthe deonacha a lorg chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar i rannóga ábhartha ar fud na heagraíochta.
- A chinntiú go dtugtar an tacaíocht riachtanach don fhoireann a thairgeann seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge.
- Cuirfear Ranganna Feasachta Teanga ar fáil don fhoireann nuair is gá.
- Cuirfear Oiliúint Gaeilge Shaincheaptha ar fáil d’fhoireann i réimsí ina dtarlaíonn cumarsáid bhéil leis an bpobal ar bhonn duine le duine.
- Leanfar ar aghaidh ag cur ranganna Gaeilge ar fáil don fhoireann chun iad a spreagadh go gníomhach lena gcaighdeán labhartha Gaeilge a fheabhsú.

## Caibidil 5 Monatóireacht, Athbhreithniú agus Foilsiú na Scéime

### 5.1 Monatóireacht & Athbhreithniú

Is iad na Bainisteoirí Sinsearacha den Roinn Seirbhísí Corparáideacha a athbhreithneoidh feidhmiú éifeachtach na scéime seo.

Táirgfear tuarascálacha ráithiúla rialta don Phríomhfheidhmeannach ina dtabharfar breac-chuntas ar éileamh ar an nGaeilge agus ar an úsáid seirbhísí trí Ghaeilge.

Déanfaidh an tIonad Seirbhísí Custaiméirí monatóireacht ar ghearáin maidir le Seirbhísí Gaeilge agus tuairisceofar iad leis an Aonad Forbartha Gaeilge.

Cé go ndéanann an tAonad Forbartha Gaeilge monatóireacht rialta ar chomhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, is iad bainisteoirí sinsearacha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheidh freagrach as an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh uirthi agus í a athbhreithniú. Tá gach Bainisteoir Feidhmiúcháin freagrach as comhlíonadh ina roinn féin a chinntiú.

### 5.2 Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú

Foilseofar an Scéim seo mar aon le tiomantais agus forálacha na scéime don phobal ar Shuíomh Idirlín Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, [www.dublincity.ie](http://www.dublincity.ie) nó [www.baileathacliaith.ie](http://www.baileathacliaith.ie)

Fógrófar an scéim seo mar aon le tiomantais agus forálacha na Scéime don phobal trí na modhanna seo a leanas:

Preasráiteas  
Seoladh na scéime  
Scaipeadh na scéime chuig na gníomhaireachtaí cuí  
Suíomh gréasáin [www.baileathacliaith.ie](http://www.baileathacliaith.ie)  
Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath

Is é an leagan Béarla buntéacs na scéime seo.  
Seolfar cóip den scéim chomhaontaithe chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:  
An tAonad Forbartha Gaeilge  
An Roinn Seirbhísí Corparáideacha Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath  
Urlár 3, Bloc 3  
Oifigí na Cathrach  
Dublin 8

Fón: 01 222 5150  
[gaeilge@dublincity.ie](mailto:gaeilge@dublincity.ie)  
[www.baileathacliaith.ie](http://www.baileathacliaith.ie)